# Treoir do Dhaoine a Chaill Duine Muinteartha i rith Phaindéim COVID-19

Ullmhaithe ag an Roinn Tithíochta,
Pleanála agus Rialtais Áitiúil
**housing.gov.ie**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# COVID-19: Treoir do Dhaoine a Chaill Duine Muinteartha

Ciallaíonn paindéim COVID-19 nach bhfuil an dara rogha againn ach déileáil le caillteanas duine muinteartha ar bhealaí neamhghnácha. Dírítear sa treoir seo ar an tréimhse idir bás duine agus adhlacadh nó créamadh an duine sin. Is é an aidhm atá leis an treoir comhairle a chur ar fáil maidir leis an méid is féidir le teaghlaigh, a bhfuil duine muinteartha leo tar éis bháis, a bheith ag súil leis nuair a bhíonn socruithe sochraide á ndéanamh acu. Leagtar béim go háirithe ar na hathruithe riachtanacha ar dheasghnátha agus ar phróisis bhunúsacha agus sheanbhunaithe a bhaineann le hómós a léiriú do dhuine muinteartha atá tar éis bháis i rith phaindéim COVID-19.

Bíonn daoine trína chéile agus suaite nuair a fhaigheann duine muinteartha leo bás. Cé go mbíonn tacaíocht le fáil ag daoine ón gcreideamh, ón bpobal agus ón teaghlach, ní bhíonn sé éasca déileáil lena leithéid. Ar an drochuair, i rith phaindéim COVID-19 beidh sé níos deacra fós fiú. Leagann go leor de na traidisiúin reiligiúnacha, chultúrtha agus theaghlaigh béim mhór ar dheasghnáth sochraide. Tá srian curtha leis na traidisiúin seo anois mar gheall ar na bearta sláinte phoiblí atá i bhfeidhm faoi láthair.

Cruthóidh na srianta seo deacrachtaí dúinn ar fad. Níor cheart go gciallódh na srianta seo, áfach, nach féidir le daoine a bheith faoi bhrón, nó cuimhní nó scéalta faoi dhaoine muinteartha leo a roinnt lena chéile. Ceann de mhórdhúshlán an tsaoil é déileáil le bás duine muinteartha leat. Beidh an tacaíocht mhothúchánach chéanna agus an grá céanna ag teastáil ó dhaoine atá ag déileáil le bás duine muinteartha leo anois díreach mar a bheadh de ghnáth - agus go deimhin, b’fhéidir go mbeidh níos mó tacaíochta agus grá ag teastáil anois ná riamh. Ba cheart go mbeadh daoine sásta cabhrú lena chéile. Faire amach dá chéile fiú má tá cosc ar an teagmháil phearsanta, agus tairbhe a bhaint as na cainéil chumarsáide éagsúla chun tamall a chaitheamh i gcomhluadar a chéile, mura féidir le daoine bualadh lena chéile agus a gcomhbhrón a dhéanamh le clann agus cairde mar is nós linn.

Tiocfaidh deireadh leis an bpaindéim seo. Beimid in ann leanúint ar aghaidh leis an saol. Agus nuair a bheidh cúrsaí an tsaoil ina gceart arís, beidh neart deiseanna againn teacht le chéile chun na daoine muinteartha linn atá caillte a thabhairt chun cuimhne, searmanais chuimhneacháin breise a eagrú, agus ómós a léiriú i measc ár dteaghlach, ár bpobal, agus ar gcairde, dóibh siúd a cailleadh i rith na tréimhse eisceachtúla seo. Go dtí sin, níl an dara rogha againn ach slán a fhágáil le daoine muinteartha linn ar bhealach atá difriúil, deacair agus míshásúil, ar go leor bealaí, ach riachtanach ag an am céanna.

## COVID-19 agus an Dobrón

Tá COVID-19 tar éis dul i bhfeidhm ar beagnach gach gné de shaol na hÉireann. Chomh maith leis sin, tá COVID-19 ag dul i bhfeidhm ar conas a dhéileálaimid, mar shochaí, mar phobal, agus mar theaghlach, le bás duine muinteartha i rith na tréimhse ó bhás an duine sin go dtí an uair a ndéantar an duine sin a adhlacadh nó a chréamadh.

I rith na paindéime reatha, tá cosc ar chuid de na searmanais, traidisiúin agus deasghnátha bunúsacha a bhaineann le próiseas an bhróin in Éirinn, ar foinse compoird agus sóláis iad de ghnáth. Ní gan chúis a moladh na bearta a bhfuil cur síos déanta orthu anseo. Tá na srianta atá tugtha isteach riachtanach chun sláinte an phobail a chosaint. Ach tá iarracht á déanamh freisin, ar bhealach teoranta, freastal ar na daoine a bhfuil duine muinteartha leo tar éis bháis.

Tá socruithe a bhí á ndéanamh go príobháideach idir teaghlaigh, adhlacóirí agus ceannairí Creidimh agus deasghnátha a reáchtálann searmanais do dhaoine atá tar éis bháis, á n-athrú mar gheall ar chúinsí nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Áirítear i measc na bpríomhathruithe:

- básanna mar thoradh ar COVID-19 a thuairisciú don Chróinéir Ceantair;
- srianta maidir le rochtain ar an gcorp;
- socruithe sochraide a dhéanamh tríd an teileafón agus ríomhphost;
- go ginearálta, gan cead a thabhairt ach do dheichniúr daoine, ar a mhéad, freastal ar aon searmanas, aird a thabhairt ar threoirlínte maidir le scaradh sóisialta, agus cosc ar ghrúpaí daoine bailiú le chéile ag ócáidí sóisialta.

## Bás a fhógairt, ról an Chróinéara agus scrúduithe iarbháis

Tá próiseas foirmiúil bunaithe maidir le bás. Cuid den phróiseas sin é go mbeadh bás á fhógairt ag dochtúir, go mbeadh fógra á chur chuig an gCróinéir Ceantair sa chás go bhfuil bás le tuairisciú, go n-eisíonn dochtúir teastas báis, agus go gcláraítear an bás le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS). Ó tharla brú ar leith a bheith ar ghairmithe leighis faoi láthair, tá foráil á déanamh ionas gur féidir le daoine cáilithe eile, altraí nó paraimhíochaineoirí cláraithe ina measc, bás a fhógairt.

Sa chás go bhfuil bás duine le tuairisciú don chróinéir, is gnách gurb é an liachleachtóir (dochtúir nó altra), paraimhíochaineoir, adhlacóir, an duine atá i gceannas ar mharbhlann nó áititheoir an áitribh a raibh an duine marbh ina c(h)ónaí ann ar uair a b(h)áis nó An Garda Síochána, a dhéanfaidh é seo. Sna cásanna seo, is faoin gcróinéir atá sé cead a thabhairt an corp a chur ar fáil don adhlacóir, bunaithe ar threoir ón teaghlach.

Má deimhníodh go raibh COVID-19 ar an duine marbh, tuairisceofar an bás don chróinéir ach ní bheidh gá le scrúdú iarbháis de ghnáth, mura dteastaíonn sé le haghaidh cúiseanna eile.

I gcásanna nuair nach léir gurb é COVID-19 ba chúis le bás, d'fhéadfadh go mbeadh gá le tástáil COVID-19. I bhformhór na gcásanna, níor cheart go gcuirfeadh sé seo moill ar an bpróiseas agus ní bheidh sé riachtanach fanacht le haghaidh torthaí roimh leanúint ar aghaidh leis na socruithe sochraide.

## Socruithe Sochraide

Go traidisiúnta, cuirtear tús leis an gcéad chéim den phróiseas sochraide nuair a bhailíonn an t-adhlacóir an corp agus nuair a ullmhaíonn sé an corp chun é a adhlacadh. Am príobháideach teaghlaigh a bhíonn anseo go minic.

Maidir le duine a fhaigheann bás, nó a mheastar a fuair bás, mar gheall ar COVID-19, tá treoirlínte soiléire eisithe ag FSS maidir le conas ba cheart d'adhlacóirí aire a thabhairt do chorp agus a sláinte agus sábháilteacht féin a chosaint ag an am céanna. Tá na treoirlínte le fáil ar líne ag https://www.hpsc.ie/a-z/respiratory/coronavirus/novelcoronavirus/guidance/.

De bharr nádúr teagmhálach an víris, i ngach cás deimhnithe nó amhrasta de COVID-19, d'fhéadfaí an corp a chur i mála corpáin sula gcuirtear i gcónra é.

Tá an t-adhlacóir freagrach as aire a thabhairt don duine marbh agus as na nósanna agus searmanais éagsúla ar fad a reáchtáiltear a éascú. Ag brath ar chreideamh an duine mhairbh, d'fhéadfaí go n-áireofaí i measc na nósanna agus searmanas sin balsamú, an corp a ní, an duine marbh a phógadh, an corp a bheith i gcónra oscailte sa bhaile, mar aon le nósanna eile a bhféadfadh tábhacht a bheith ag baint leo i saol teaghlach agus daoine muinteartha. Mar gheall ar na rioscaí a bhaineann le paindéim COVID-19, áfach, tá srian curtha leis na nósanna seo de réir Threoirlínte d'Adhlacóirí FSS, dá dtagraítear thuas. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí treoirlínte an FSS a nuashonrú agus go bhfuil siad faoi réir athraithe le himeacht ama.

Go hiondúil, bíonn an duine marbh sa teach tórraimh go dtí go mbíonn an searmanas adhlactha ar siúl. Más gá, áfach, cuirfear áiseanna sealadacha breise marbhlainne ar fáil. Cuirfear suíomh an duine mhairbh in iúl d'ionadaithe an duine mhairbh.

## Searmanas na Sochraide

D'fhonn a chinntiú go bhfuil teaghlaigh agus daoine muinteartha, adhlacóirí, an chléir agus daoine eile a bhíonn i mbun seirbhísí agus oibrithe eile á gcosaint, tá roinnt srianta curtha i bhfeidhm. Soláthróidh ionadaithe pobal creidimh agus grúpaí cultúrtha treoir dá bpobail féin maidir le conas ba cheart dóibh socruithe sochraide athbhreithnithe a eagrú. Cuirfear na srianta atá le cur i bhfeidhm san áireamh.

Seo a leanas roinnt de na príomhtheachtaireachtaí i dtreoirlínte FSS atá le cur i bhfeidhm nuair atá sochraidí á n-eagrú i rith phaindéim COVID-19:

- Ba cheart don adhlacóir teagmháil dhíreach le haon bhall teaghlaigh atá aitheanta ag na húdaráis sláinte phoiblí mar dhlúth-theagmhálaí de chuid an duine mhairbh a sheachaint. Is féidir an t-eolas cuí a fháil trí ghlaoch teileafóin a dhéanamh roimh bualadh le baill teaghlaigh aonair.
- Ó tharla srian a bheith ar ghrúpaí móra daoine a bheith ag bailiú le chéile ag ócáidí sóisialta i láthair na huaire agus an ceanglas atá ann maidir le scaradh sóisialta, níl tórraimh phoiblí inmholta agus níl sé inmholta ach oiread go mbeadh grúpaí daoine ag bailiú le chéile ag tithe tórraimh. Ba cheart sochraid phríobháideach a reáchtáil agus níor cheart, mar atá molta ag na húdaráis sláinte poiblí, go mbeadh ach deichniúr daoine, ar a mhéad, i láthair. Níor cheart go mbeadh ach na daoine seo a leanas i láthair:
    - baill de theaghlach an duine mhairbh
    - garghaolta
    - dlúthchairde mura bhfuil aon duine muinteartha ag an duine marbh.

- D'fhéadfaí srianta eile, áfach, a chur i bhfeidhm maidir le líon na ndaoine a bhfuil cead acu freastal ar shochraidí in áiteanna iata níos lú. Ní mór cloí leis an scaradh sóisialta an t-am ar fad. Ag brath ar chúinsí áitiúla, d'fhéadfadh séipéil aonair nó ionaid eile ina reáchtáiltear sochraidí srianta a chur i bhfeidhm i ndáil le líon na ndaoine.
- Ba cheart do chaointeoirí an chomhairle maidir le scaradh sóisialta a leanúint nuair atá siad ag taisteal chuig agus ó shochraid.
- Moltar do gach duine cloí le scaradh sóisialta de 2 mhéadar, ar a laghad, idir grúpaí aitheanta.
- Ba cheart idirghníomhaíochtaí fisiciúla lena n-áirítear lámha a chroitheadh agus barróg a thabhairt dá chéile a sheachaint.
- Níor cheart socruithe a fhógairt sna nuachtáin agus ar líne (is féidir fógra sochraide a fhoilsiú ach níor cheart na socruithe sochraide a fhógairt).
- Is féidir le teaghlaigh na socruithe sochraide a roinnt lena ngaolta. D'fhéadfaí an fhoclaíocht seo a leanas a úsáid, mar shampla:

    *Reáchtálfar sochraid phríobháideach mar gheall ar an gcomhairle atá tugtha ag an Rialtas maidir le grúpaí daoine a bheith ag bailiú le chéile ag ócáidí poiblí. Dá mba rud é gur mhaith leat freastal ar an tsochraid, ach nach féidir leat mar gheall ar na srianta atá i bhfeidhm faoi láthair, is féidir leat teachtaireacht phearsanta a scríobh sa rannóg faoi 'Teachtaireachtaí Comhbhróin'.*

- Sna nuachtáin, is féidir teachtaireacht mórán mar an gcéanna a scríobh agus tagairt a dhéanamh do www.rip.ie nó do shuíomh gréasáin chuideachta an adhlacóra chun comhbhrón a dhéanamh leis an teaghlach.
- Níl sé inmholta leabhair chomhbhróin a úsáid agus moltar do dhaoine a gcomhbhrón a dhéanamh trí na meáin shóisialta, suíomhanna gréasáin ar líne, téacs nó litir.
- Ba cheart a chur in iúl don teaghlach gur féidir leo Searmanas Cuimhneacháin a reáchtáil amach anseo.
- Nuair is féidir, ba cheart do dhlúth-theagmhálaithe agus garghaolta an duine mhairbh a modh iompair féin a úsáid chun freastal ar an tsochraid.

Baineann na treoirlínte seo le gach sochraid, lena n-áirítear daoine a raibh baint ag COVID-19 lena mbás agus daoine nach raibh baint ag COVID-19 lena mbás. Iarrtar ar theaghlaigh an duine mhairbh aird a thabhairt ar aon chomhairle nó ar aon srianta a d'fhéadfadh a bheith i bhfeidhm i rith na tréimhse dúshlánaí seo.

## Grúpaí Daoine ag Bailiú le chéile i ndiaidh na Sochraide

Ar an drochuair, mar gheall ar na srianta atá i bhfeidhm faoi láthair, níl cead ag baill teaghlaigh agus ag cairde bailiú le chéile i ngrúpaí i ndiaidh shearmanas na sochraide. Ar ndóigh, cruthóidh sé seo deacrachtaí do dhaoine, ach beidh deis, amach anseo, ag baill teaghlaigh agus ag cairde agus ag an bpobal teacht le chéile chun saol an duine mhairbh a cheiliúradh.

### Cúnamh Airgeadais

D'fhéadfadh go mbeadh costais shuntasacha ag baint le sochraidí. Tá roinnt tacaíochtaí á gcur ar fáil ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí do dhaoine a bhféadfadh deacrachtaí airgeadais a bheith acu. D'fhéadfadh go mbeadh daoine a bhfuil duine muinteartha leo tar éis bháis agus a dteastaíonn cúnamh uathu chun íoc as costais áirithe a bhaineann leis an tsochraid i dteideal iarratas a dhéanamh ar Íocaíocht Riachtanas Eisceachtúil. Má theastaíonn tuilleadh eolais uait, féach ar https://www.gov.ie/en/service/80b24c-exceptional-needs-payments-swa/.

## Cabhair/Acmhainní eile

Ní bhíonn sé éasca riamh déileáil le bás duine muinteartha. Baineann níos mó deacrachtaí fós le déileáil le bás duine muinteartha na laethanta eisceachtúla seo. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios ag daoine go bhfuil cúnamh le fáil.

Cinnteoidh FSS go dtuigeann na Coistí Cúraim um Dheireadh Saoil, atá bunaithe laistigh de chóras ospidéal géarmhíochaine na hÉireann, na treoirlínte agus na hathruithe próisis a bhaineann le COVID-19. Déanfaidh siad é seo a bhainistiú mar chuid dá seirbhísí cúraim deireadh saoil agus báis.

Tá FSS agus Foras Ospíse na hÉireann ag obair ar Líne Chabhrach Náisiúnta Méala a bhunú chun cabhrú le daoine a bhfuil duine muinteartha nó cara leo tar éis bháis. Beidh bileoga Tacaíochta Méala FSS ar fáil ina mbeidh eolas tábhachtach do dhaoine a bhfuil duine muinteartha leo tar éis bháis agus beidh sonraí ann freisin faoin raon acmhainní tacaíochta a bheidh ar fáil.

Tá FSS ag obair le raon leathan grúpaí creidimh agus daonnachaí chun ardán fíorúil a fhorbairt a sholáthróidh tacaíocht séiplíneachta d'othair in ospidéil agus i saoráidí poiblí.

Má theastaíonn cúnamh agus treoir uait maidir le déileáil le bás duine agus sochraid a phleanáil i rith na tréimhse eisceachtúla seo, tá eolas cabhrach le fáil anseo https://hospicefoundation.ie/ bereavement-2-2/covid19-care-and-inform/.

Tá treoir maidir le bás a chlárú i rith phaindéim COVID-19, is cuma má bhaineann an bás le COVID-19 nó le cúiseanna eile, le fáil ar an suíomh gréasáin seo https://www.gov.ie/en/service/49c66f-registering-a-death-in-ireland/.

Tá liosta focal faoin gcoróinvíreas agus Míniúcháin i nGnáth-Bhéarla curtha
i dtoll a chéile ag an Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh (NALA).
Tá an liosta le fáil ag https://www.nala.ie/covid-19-words-explained/

Version 1.0. An 6 Aibreán 2020.

D'fhéadfaí an bhileog seo a leasú anois is arís.
Seiceáil www.gov.ie áit a mbeidh an leagan is déanaí ar fáil.